

# Mairteoil na hÉireann


## Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi easpórtáil mairteola ón tír seo. Sula bhféachann tú ar an tuairisc áfach, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail seo?

- *extensively, generally*
- *the Chinese market*
- *meat processor*
- *frozen boneless beef*
- *meat processing factory*
- *product*
- *the proper licences*
- *high quality of beef*
- *that is being produced*
- *Brexit*
- *farming community representatives*

## Ceist 2

Agus na focail thuas as Gaeilge agaibh anois, an féidir libh buille faoi thuairim a thabhairt faoi ábhar na míre? Breathnaígh ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agaibh.



## Ceist 3

Féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cén táirge a bheidh na Síneach ag iompórtáil ó Éirinn?
2. Cad iad na comhlachtaí a fuair na ceadúnais chuí?
3. Cad a bhí le rá ag Michael Creed agus ag Tomás Ó Flátharta?
4. Cad a thug Bord Bia le fios?

## Ceist 4

'...Contae Mhuineacháin...'

1. Cén áit ar rugadh agus ar tógadh tú féin?
2. An bhfuil gach contae sa tír ar eolas agat as Gaeilge? Breac síos anois iad.

**Ceist 5** Féach ar an mír arís agus aimsigh sampla amháin inti de gach gné ghramadaí sa tábla thíos:

<b>Aimsir láithreach</b>	<b>Aimsir fháistineach</b>	<b>Aimsir chaite</b>
<b>Aidiacht bhriathartha</b>	<b>Ainm briathartha</b>	<b>Aidiacht</b>
<b>Aidiacht shealbhach</b>	<b>Bunúimhir + ainmfhocal</b>	<b>Réamhfhocal simplí</b>
<b>Ainmfhocal bain.</b>	<b>Ainmfhocal fir.</b>	<b>Ainmfhocal san iolra</b>

**Ceist 6** Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Tá go leor daoine ag éirí as an bhfeoil sa lá atá inniu ann. Cén fáth dar leat?
2. Cén tslí a bhfuil bia na Síne éagsúil ó bhia na hÉireann?
3. Cad é an rud ab aistí nó ba shamhnasaí a d'ith tú i do shaol?

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

- *extensively, generally* – go forleathan
- *the Chinese market* – margadh na Síne
- *meat processor* – próiseálaí feola
- *frozen boneless beef* – mairteoil reoite dhíchnámhaithe
- *meat processing factory* – monarcha próiseála feola
- *product* – táirge
- *the proper licences* – na ceadúnais chuí
- *high quality of beef* – ardchaighdeán mairteola
- *that is being produced* – atá á tháirgeadh
- *Brexit* – Breatimeacht
- *farming community representatives* – ionadaithe lucht feirmeoireachta

### Ceist 2

Iarr orthu buille faoi thuairim a thabhairt faoi ábhar na míre sula bhféachann siad uirthi.

### Ceist 3

Féach an script.

### Ceist 4

Cúige Chonnacht	Cúige Mumhan
1. Contae na Gaillimhe 2. Contae Liatroma 3. Contae Mhaigh Eo 4. Contae Ros Comáin 5. Contae Shligigh	6. Contae Chiarraí 7. Contae an Chláir 8. Contae Chorcaí 9. Contae Luimnigh 10. Contae Phort Láirge 11. Contae Thiobraid Árann
Cúige Laighean	Cúige Uladh
12. Contae Bhaile Átha Cliath 13. Contae Cheatharlach 14. Contae Chill Chainnigh 15. Contae Chill Dara 16. Contae Chill Mhantáin 17. Contae na hIarmhí 18. Contae Laoise 19. Contae Loch Garman 20. Contae an Longfoirt 21. Contae Lú 22. Contae na Mí 23. Contae Uíbh Fhailí	24. Contae Aontroma 25. Contae Ard Mhacha 26. Contae an Chabháin 27. Contae Dhoire 28. Contae an Dúin 29. Contae Dhún na nGall 30. Contae Fhear Manach 31. Contae Mhuineacháin 32. Contae Thír Eoghain

**Ceist 5**

Seo thíos samplaí áirithe ón mhír.

<b>Aimsir láithreach</b>	<b>Aimsir fháistineach</b>	<b>Aimsir chaite</b>
<i>tá, go bhfuil, deir, atá, tá, táimid, níl, fáiltíonn, cuirimid, oireann, go bhfuil,</i>	<i>go nglacfaidh, beidh, a tharlóidh, cuirfidh, oirfidh, go mbeidh, a mbeidh</i>	<i>fuair, dúirt, thug</i>
<b>Aidiacht bhriathartha</b>	<b>Ainm briathartha</b>	<b>Aidiacht</b>
<i>curtha, tugtha, buailte</i>	<i>ag glacadh, á héileamh, a sheoladh, a fháil, á tháirgeadh, ag lorg, ag titim, ag ardú, ag iarraidh,</i>	<i>reoite, díchnámhaithe, tábhachtach, nua, mór,</i>
<b>Aidiacht shealbhach</b>	<b>Bunimhir + ainmfhocal</b>	<b>Réamhfhocal simplí</b>
<i>a mbeannacht</i>	<i>trí phróiseálaí feola, cúig mhonarcha próiseála</i>	<i>le, i, ó, ag, do, de, ar, roimh,</i>
<b>Ainmfhocal bain.</b>	<b>Ainmfhocal fir.</b>	<b>Ainmfhocal san iolra</b>
<i>fáilte, mairteoil, monarcha</i>	<i>margadh, feirmeoir, praghas</i>	<i>na húdaráis, na Síinigh, ionadaithe</i>

**Ceist 6**

Is féidir gach beirt nó triúr a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

### **Maolra Mac Donnchadha**

Tá fáilte curtha go forleathan roimh an scéala go bhfuil margadh na Síne ag glacadh arís le mairteoil na hÉireann. Deir an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Michael Creed, go nglacfaidh an tSín le mairteoil ó thrí phróiseálaí feola ón lá inniu ar aghaidh.

### **Séamus Ó Scanláin**

Mairteoil reoite dhíchnámhaithe atá á héileamh ag pobal na Síne. Agus tá a mbeannacht dá réir tugtha anois ag na hÚdaráis thall ansin do thrí mhonarcha próiseála feola i bPoblacht na hÉireann an táirge sin a sheoladh chucu. Comhlachtaí ABP i gCluain Eois, Contae Mhuineacháin, *Slaney Meats* i Loch Garman agus *Donegal Meat Processors* i nDún na nGall, a fuair na ceadúnais chuí. Is muid an chéad tír san Eoraip lena leithéid de mhargadh a fháil ó na Síne. Teistiméireacht don ardchaighdeán mairteola atá á tháirgeadh ag feirmeoirí anseo, a dúirt an tAire Talmhaíochta, Michael Creed.

Agus, tábhachtach freisin a dúirt sé, agus Breatimeacht ar leac an dorais againn.

### **Michael Creed TD, An tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara**

Táimid ag lorg amach margadh nua i ngach aon áit – Ceanada, Meicsiceo, *Japan* agus anois margadh nua in *China*. Agus, beidh sé sin an-tábhachtach mar níl a fhios againn anois, cad a tharlóidh<sup>1</sup> leis an margadh tábhachtach, an-tábhachtach...an margadh is mó tábhacht<sup>2</sup> a bhfuil againn sa Bhreatain. Agus, dá bhrí sin tá *China* an-tábhachtach go léir.

### **Séamus Ó Scanláin**

Go ginearálta fáiltíonn eagrais roimh fhógra an Aire, ina measc Bord Bia agus ionadaithe luchta feirmeoireachta, Cumann na bhFeirmeoirí nó an IFA san áireamh.

### **Tomás Ó Fátharta, ball de Chumann na bhFeirmeoirí**

Cuirimid an-fháilte roimhe, margadh nua a osclaítear suas, cuirfidh sé easpórtáil as an tír seo, rud a oileann<sup>3</sup> d'fheirmeoir... chuile<sup>4</sup> fheirmeoir sa tír. Agus, sin an fáth go gcuirimid fáilte mhór mhór mhór<sup>5</sup> roimhe. Tá an praghas i gcónaí ag titim, mar gheall...ach freisin, tá na costais uilig<sup>6</sup> ag ardú, agus táimid buailte faoi dhó mar gheall air sin. Sin an fáth go bhfuil an IFA ag iarraidh brú mór a chur ar an Aire margáí nua a fháil so... go n-oilfidh<sup>7</sup> sé do chuile<sup>8</sup> dhuine.

### **Séamus Ó Scanlain**

Thug Bord Bia le fios inniu go bhfuil súil aige go mbeidh cúig mhonarcha próiseála feola eile anseo, a mbeidh na ceadúnais chéanna acu sula i bhfad.

Séamus Ó Scanláin, Nuacht TG4

---

<sup>1</sup> a tharla dúradh

<sup>2</sup> tábhachtach a dúradh

<sup>3</sup> oireann an leagan caighdeánach

<sup>4</sup> gach uile an leagan caighdeánach

<sup>5</sup> mór a dúradh

<sup>6</sup> uile an leagan caighdeánach

<sup>7</sup> go oileoidh a dúradh

<sup>8</sup> gach uile an leagan caighdeánach